

NEED ASSISTANCE WITH YOUR CHILDCARE COSTS?



An Roinn Leanaí
agus Gnóthai Óige
Department of
Children and Youth Affairs



THE COMMUNITY CHILDCARE SUBVENTION (CCS) PROGRAMME MIGHT HELP!

If you are a parent/guardian who is on low income, is in school, job training or in receipt of a social welfare payment then you may be eligible for assistance with your childcare costs.

The Department of Children and Youth Affairs (DCYA) currently provides financial help towards childcare costs for many of these parents/guardians under the Community Childcare Subvention (CCS) Programme. Perhaps you are eligible too?

AM I ELIGIBLE?

You may be eligible for CCS funding if you are in receipt of a social welfare payment and/or hold a medical card. The funding rates can be found on the [CCS Band Rates List](#) showing what 'band' is assigned to parents/guardians based on their eligibility. This list is available on the 'Childcare' section of our website WWW.DCYA.GOV.IE

I THINK I'M ELIGIBLE. HOW DO I APPLY?


Parents should contact their local childcare service or [City/County Childcare Committee](#) (CCC) for more information. You may be asked by your childcare service to provide proof that you are eligible to access funding. Contact details for your local CCC are available on the 'Childcare' section of our website WWW.DCYA.GOV.IE

HOW MUCH OF A DISCOUNT CAN I GET?

The maximum subvention is €95 per week but the amount will depend on how often your child attends the childcare service and what funding 'band' is assigned. Please refer to the [CCS Band Rates List](#) section of our Guide which is available on the 'Childcare' section of our website WWW.DCYA.GOV.IE or contact your local City/County Childcare Committee.

AN DTEASTAÍONN CÚNAMH UAIT LE DO

CHOSTAIS CHÚRAM LEANAÍ?



B'FHÉIDIR GO GCABHRÓIDH CLÁR AN FHÓIRDHEONTAIS CHÚRAIM LEANAÍ (FCL) SA PHOBAL LEAT!

Más tuismitheoir/caomhnóir thú a bhfuil ísealioncam á fháil agat, má tá tú ar scoil, má tá tú ag tabhairt faoi oiliúint poist nó má tá íocaíocht Leasa Shóisialaigh á fáil agat, b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe chun cúnamh a fháil le do chostais chúram leanaí.

Soláthraíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ) cabhair airgeadais faoi láthair i dtreo costais chúram leanaí do go leor de na tuismitheoirí/caomhnóirí seo faoi Chlár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí (FCL) sa Phobal. B'fhéidir go bhfuil tú féin incháilithe chomh maith?

AN BHFULIM INCHÁILITHE?

B'fhéidir go bhfuil tú incháilithe le haghaidh cistiú FCL má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat agus/nó má tá cárta leighis agat. Is féidir teacht ar na rátaí cistithe ar [Liosta Rátaí Banda FCL](#) a thaispeánann cén 'banda' atá sannta do thuismitheoirí/chaomhnóirí bunaithe ar a n-incháilitheacht. Tá an liosta ar fáil sa mhír 'Cúram Leanaí' dár láithreán gréasáin, www.dcy.gov.ie

CEAPAIM GO BHFUL MÉ INCHÁILITHE. CONAS A DHÉANAIM IARRATAS?

Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena seirbhís áitiúil cúram leanaí nó lena [gCoiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae \(CCC\)](#) chun teacht ar bhreis faisnéise. Féadfaidh do sheirbhís cúram leanaí iarraidh ort a chruthú go bhfuil tú incháilithe chun rochtain a fháil ar chistiú. Tá fáil ar shonraí teagmhála do do CCC áitiúil ar fáil sa mhír 'Cúram Leanaí' dár láithreán gréasáin, www.dcy.gov.ie

CÉ MHÉID DE LASCAINE IS FÉIDIR LIOM A FHÁIL?

Is é an fóirdheontas uasta €95 sa tseachtain ach braithfidh an méid ar cé chomh minic a fhreastalaíonn do leanbh ar an tseirbhís cúram leanaí agus cén 'banda' cistithe a shanntar. Déan tagairt, le do thoil, don mhír [Liosta Rátaí Banda FCCL](#) dár dTreoir, atá ar fáil sa mhír 'Cúram Leanaí' dár láithreán gréasáin, www.dcy.gov.ie, nó déan teagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil.

